AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0036/2012**

**Chuig: Údaráis Bainistíochta i Scoileanna Aitheanta Bunscoile, Meánscoile, Pobail agus Cuimsitheacha agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

# SOCRUITHE DO SHAOIRE BHREOITEACHTA ÍOCTHA FÉIN-DEIMHNITHE DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE I SCOILEANNA AITHEANTA BUNSCOILE AGUS MEÁNSCOILE

## Réamhrá

1. Tá moltaí déanta ag an gCúirt Oibreachais maidir leis na socruithe d'íocaíochtaí saoire breoiteachta sa tseirbhís phoiblí. Maidir le saoire bhreoiteachta féin-deimhnithe (nó neamhdheimhnithe), mhol an Chúirt Oibreachais go mbronnfaí "seacht lá de shaoire bhreoiteachta féin-deimhnithe thar thréimhse rollta dhá bhliain". Is éard is aidhm leis an Imlitir seo an moladh sin a chur i bhfeidhm.

2. Mhol an Chúirt Oibreachais go n-aistreofaí chuig na socruithe nua ar bhonn céimnithe. Ceadófar uasmhéid tosaigh de 7 lá saoire bhreoiteachta féin-deimhnithe sa tréimhse an 1 Lúnasa 2012 go dtí an 31 Iúil 2014.

3. Ón am sin ar aghaidh beidh tréimhse rollta 2 bhliain phearsanta ag gach múinteoir ag comhaireamh siar ó dháta na saoire breoiteachta féin-deimhnithe is déanaí a bhí acu. Is é an t-uasmhéid laethanta saoire breoiteachta féin-deimhnithe a cheadófar sa tréimhse 2 bhliain sin ná 7.

## Leasú ar Imlitir 60/2010

**4.** Cuirtear an méid seo a leanas in áit Alt 3.1 d'Imlitir 60/2010 *Scéim Saoire Breoiteachta do Mhúinteoirí Cláraithe i Scoileanna Aitheanta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile:*

**"3.1** **(a)** Is é an t-uasmhéid laethanta saoire breoiteachta neamhdheimhnithe a cheadaítear sa tréimhse a thosaíonn an 1 Lúnasa 2012 agus a chríochnaíonn an 31 Iúil 2014 ná 7.

**(b)** Is é an t-uasmhéid laethanta saoire breoiteachta féin-deimhnithe a cheadaítear an 1 Lúnasa 2014 nó ina dhiaidh sin sa tréimhse 2 bhliain roimh dháta na neamhláithreachta saoire breoiteachta féin-deimhnithe is déanaí ná 7.

5. Cuirtear na focail “saoire bhreoiteachta féin-deimhnithe” in áit na bhfocal “saoire bhreoiteachta neamhdheimhnithe” gach áit a mbíonn siad ann in Imlitir 60/2010.

***Fógra***

6. Cinntigh le do thoil go ndéantar cóipeanna den imlitir seo a chur ar fáil do chomhaltaí ar fad an Bhoird Bainistíochta / an Choiste Gairmoideachais agus go dtugtar an t-ábhar atá ann ar aird gach múinteoir atá fostaithe agat lena n-áirítear iadsan atá ar chead neamhláithreachta.

7. Is féidir teacht ar an imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Oideachais – Sosanna/Saoire – Saoire Bhreoiteachta. Ba chóir gach fiosrú a chur ar ríomhphost chuig: teachersna@education.gov.ie.

Dalton Tattan
Múinteoir/SNA, an Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha
02 Samhain 2012

Padraig Maloney
Párolla
02 Samhain 2012